



JOHN SCOTTUS NATIONAL SCHOOL

SCOIL NÁISIÚNTA JOHN SCOTTUS

47/49 NORTHUMBERLAND ROAD, DUBLIN 4. D04 R128
TEL: (01) 660 9309, FAX: (01) 660 9303,
E-MAIL PRIMARY@JOHNSCOTTUS.IE, WEB: WWW.JOHNSCOTTUS.IE

SN John Scottus

Plean Scoile Gaeilge 2017-2020

BOM Approved: 31 May 2017; Next Review 2019/20

Fís agus Aidhmeanna

1. Go bhfoghlaimeodh na páistí an Ghaeilge mar theanga atá beo, sainiúil agus mar chuid dár gcultúr agus dár n-oidhreacht.
2. Go gcuirfí ar chumas na bpáistí an Ghaeilge a úsáid mar theanga cumarsáide.
3. Go mbainfear taitneamh as foghlaim na Gaeilge.
4. Go gcuirfí le líofacht, cruinneas agus saibhreas teanga na bpáistí.
5. Go dtabharfaí deis do na daltaí a scileanna éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt ar bhealach comhtháite.

Feidhmeanna Teanga

1. Caidreamh sóisialta a dhéanamh.
2. Soiléiriú a lorg i gcomhrá.
3. Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile.
4. Dearcadh a léiriú agus a lorg.
5. Struchtúr a chur ar chomhrá.

Béimeanna

1. Béim ar Éisteacht agus Labhairt mar bhunús den litearthacht agus an ceithre snáth a fhorbairt ar bhealach comhtháite.
2. Na Feidhmeanna Teanga a bheith mar chuid lárnach de phleanáil agus cur chuige na múinteoirí.
3. Gach oide agus rang ag obair le agus ag úsáid grúpa abairtí le linn téarma.
4. Tionól Gaeilge gach seachtain agus an teanga a bheith mar chuid neamhfhoirmiúil de gach tionól.
5. Obair bhaile uair amháin sa tseachtain ar a laghad o rang a dó ar aghaidh. Ba cheart í a bheith bunaithe ar obair ranga agus bheith simplí, soiléir agus sodhéanta.
6. CLIL: Content and Language Integrated Learning. Ealaín le múineadh trí Ghaeilge i rang amháin as gach léibhéal i rith na bliana.
7. Níos mó ionchur teanga: Scéalta a léamh do na páistí agus drámaí a dhéanamh leo.
8. Leannúint ar aghaidh le húsáid na Gaeilge i rith am lóin agus am sosa.
9. Leannúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí agus spraoi le linn Seachtain na Gaeilge.
10. Liosta frásaí a chur i bhfeidhm le linn ranganna corpoideachais.
11. Leannúint ar aghaidh le Gaeilge mar theanga teagaisc le linn ranganna. Ag díriú aird ar an an dá-theangachas i bhfoirm leabhair agus drámaí dhá-theangacha.